Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 15 Bealtaine 2023
(OR. en)

9103/23

LIMITE

CORLX 476
CFSP/PESC 671
CSDP/PSDC 346
PESCO 10
FIN 515

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena ndearbhaítear rannpháirtíocht na Danmhairge in PESCO, agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2315 lena mbunaítear PESCO agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach |

1. An 11 Nollaig 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/2315 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach.

2. Foráiltear le hAirteagal 46(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) nach mór d'aon Bhallstát ar mian leis, tráth níos déanaí, a bheith rannpháirteach sa bhuanchomhar struchtúrtha (PESCO), a intinn a chur in iúl don Chomhairle agus don Ardionadaí.

3. An 23 Márta 2023, fuair an Chomhairle agus an tArdionadaí fógra ón Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 46(3) CAE, go bhfuil sé ar intinn ag an Danmhairg a bheith rannpháirteach in PESCO agus go bhfuil sí in ann na ceangaltais dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 10 a ghabhann leis na Conarthaí a chomhlíonadh, maidir le buanchomhar struchtúrtha arna bhunú le hAirteagal 42 CAE.

4. An 8 Bealtaine 2023, chuir an tArdionadaí faoi bhráid na Comhairle Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena ndearbhaítear rannpháirtíocht na Danmhairge in PESCO, agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2315 lena mbunaítear PESCO agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach (9100/23), mar aon le Tuairim maidir leis an bhFógra ón Danmhairg maidir leis an intinn atá aici a bheith rannpháirteach in PESCO (9178/2023).

5. An 15 Bealtaine 2023, chomhaontaigh Meitheal na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach (RELEX) téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle.

6. Sna himthosca sin, iarrtar ar COREPER an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an comhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle a dhearbhú;

– a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle lena ndearbhaítear rannpháirtíocht na Danmhairge in PESCO, agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2315 lena mbunaítear PESCO agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, in 9101/23;

– a chinneadh an Cinneadh ón gComhairle a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

PUBLIC